Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine

Beidh tú amuigh ag spraoi faoin ngrian i rith an tsamhraidh. Is deas an mothúchán é solas agus teas na gréine ar do chuid craicinn agus is maith duit é. Deir roinnt eolaithe go spreagfaidh solas na gréine d'inchinn agus go ndéanfaidh sí ceimiceáin áirithe a chuirfidh dea-ghiúmar ort. Déanfaidh do chorp **Vitimín D** mar gheall ar sholas na gréine. Coinneoidh an vitimín seo do chnámha sláintiúil. Ach déanfaidh an iomarca de sholas na gréine dochar do do chraiceann. Mar sin, cuimhnigh i gcónaí ar an mana (slogan) **'Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine'**, agus lean an dea-chomhairle sin. Ar an gcaoi seo, beidh do chraiceann slán sábháilte.



Arbh eol duit?

Tá comhlacht Éireannach ag déanamh grianscéithe (sun screen) as cnámha **gualaithe** (charred). Griansciath do shaitilítí atá i gceist. Cabhróidh an ghriansciath seo chun teochtaí arda a rialú agus chun radaíocht dhainséarach ultraivialait a chosc.

Breis eolais

Cois farraige agus faoin bhfarraige – is iontach an bheatha a mhaireann sna háiteanna seo. Féach ar na suíomhanna gréasáin seo chun breis eolais a fháil orthu:

- **http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/5th-+-6th-class/5th-+-6th-class-environme/watery-wonders/marine-life/**
- **http://climatekids.nasa.gov/ocean/**

Fíricí Fónta

- Bhíodh scéal ag iascairí fadó faoi ollphéist (monster) mhór farraige. An cráca ab ainm don ollphéist seo. De réir na scéalta, bhí sé chomh hard le príomhchrann (main mast) ar long ard (tall ship) agus d'fhéadfadh sé long a iompú béal fúithi agus a ghéaga a fhilleadh thart uirthi. Ceapann eolaithe anois go bhfaca na hiascairí scuid ollmhór. Bíonn scuideanna suas le 20 méadar ar fad, agus seans go mbíonn roinnt acu 27 méadar nó níos faide.
- Is éisc iad capaill mhara. Bíonn siad le fáil i bhfarraigí na hÉireann. Beireann an capall mara baineann (female) uibheacha agus cuireann sí iad isteach i bpúitse (pouch) ar bholg an chapaill fhirinn (male). Gorann (incubates) an capall fireann na huibheacha. Tar éis 13 lá, tiocfaidh na cinn óga amach. Bíonn 1,000 báibín (nó níos mó fiú) ann taobh istigh de chúpla uair an chloig.
- In 1991, sheol eolaithe 2,478 smuagirlí róin coiteanna (common) óga isteach sa spás, ar an spástointeálaí (shuttle) Columbia. D'éirigh go maith lena bhformhór. Is dócha gur roghnaigh siad an speiceas sin mar go bhfuil an leasainm Béarla moon jellyfish orthu!

Cad é sin?

A = Diúilicín B= Scian mhara C = Muirín D = Cuachma E = Ruacan

Crosfhocal



Trasna
3. Is breá le gach duine uachtar _____. (6)
4. Ainm eile ar chrosóg: réalta _____. (4)
5. Dhíol Molly Malone iad. (7)
6. Cuir _____ gréine ort féin sula rachaidh tú amach faoin ngrian.(5)

Anuas
1. Tá dhá cheann díobh seo ag crosóg. (5)
2. Itheann Éireannaigh é. (8)
4. Is cuid den ghrúpa seo iad seilidí. (7)
5. Tá stríocaí ar chorp an éisc seo. (7)

Ainmnigh an t-iasc sin

A = ronnach B = trosc C = leathóg D = roc

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ionad Oideachas Eolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Eagarthóireacht: Pól Ó Cainín
Taighde & Téacs: Paula Kilfeather, Clíona Murphy, Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley
Dearadh: INM Studio
Scríobh chuig: Louise Kirwan, Eureka, Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid, BÁC 1
Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó
Cuir ríomhphost chuig:
eureka@ independent.ie
Cuir ordú chuig schools.independent.ie

Mollaí Cúl

Irish Independent

eureka

Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – *Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)* Imleabhar 12 Eagrán 32 15 Meitheamh 2016

Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta

Eolaíocht an tsamhraidh

Ar chuala tú riamh an t-amhrán *Cockles and Mussels Alive Alive O?* Insíonn sé scéal faoi chailín a bhíodh ag díol ruacan agus diúilicíní (cockles & mussels) ar shráideanna Bhaile Átha Cliath fadó. B'fhéidir go gcasfadh do mhúinteoir an t-amhrán duit! Céad bliain ó shin, bhíodh an-tóir ar (very popular) ruacan agus diúilicíní mar bhia. D'ith pobal na cathrach thart ar 3,000 milliún ruacan in aghaidh na bliana! Bhíodh suas le 70 duine ag obair mar bhailitheoirí ruacan i mbá Bhaile Átha Cliath.

An chéad uair eile a bhíonn tú ag siúl cois trá, féach ar na sliogáin atá sa ghaineamh. Seans go mbeidh sliogáin ruacan agus diúilicíní ann, chomh maith le sliogáin eile, ar ndóigh. Bhíodh ainmhithe beo ina gcónaí sna sliogáin uile sin fadó. Tá formhór na sliogiasc (shellfish) inite (edible). Is cuid den ghrúpa **moilisc** (molluscs) iad na hainmhithe sna sliogáin – tá drúchtíní (slugs) agus seilidí garraí (common garden snails) sa ghrúpa céanna. Is moilisc iad ochtapais agus scuideanna freisin.

Tugann an fharraige bia – éisc - dúinn freisin. Beidh an-tábhacht le héisc sa todhchaí mar go bhfuil níos mó daoine ar fud an domhain ag ithe iasc. Tá a lán iasc in uiscí na hÉireann ach caithfimid bheith cúramach nach ndéanfaimid an iomarca iascaireachta. Má thógaimid amach an iomarca iasc, ní bheidh dóthain fágtha chun pórú (breed).

Chomh maith le hainmhithe a thabhairt dúinn, tugann an fharraige bia eile dúinn – feamainn. Ar nós plandaí, déanann feamainn bia as dé-ocsaíd charbóin agus solas na gréine .i. déanann feamainn **fótaisintéis** (photosynthesis). Deir roinnt daoine gur ceann de na sárbhianna (superfoods) í feamainn. Seans go gceapfá go mbeadh sé ait feamainn a ithe ach tá an-tóir uirthi mar bhia sa tSeapáin. In Éirinn, tá duileasc (dillisk/dulse) agus carraigín (carrageen moss) á n-ithe ag daoine le fada an lá.

Tá an fharraige ar cheann de na hábhair is spéisiúla ar domhan. Déan iarracht, i rith an tsamhraidh, cuairt a thabhairt ar uisceadán ar nós National Sea Life i mBré, Atlantaquaria i nGaillimh nó Mara Beo sa Daingean. Bíodh an-spraoi agat i rith na laethanta saoire agus beidh Eureka ar ais libh i mí Mheán Fómhair, lán le scéalta suimiúla eolaíochta.

Sábháilteacht Cois Farraige

Tá cósta na hÉireann go hálainn ach tá sé dainséarach freisin: tá **sruthanna** (currents) láidre ann, tá carraigeacha géara ann, agus uisce a éiríonn domhain (deep) go tobann. Ach má chloímid leis na rialacha a bhaineann le sábháilteacht ar an gcósta, beimid in ann taitneamh a bhaint as. Seo cúpla riail thábhachtach:

- Ná téigh ag snámh nó ag lapadaíl i d'aonar riamh.
- Má theastaíonn uait dul ag snámh, bí cinnte go bhfuil garda tarrthála (lifeguard) ar an trá.
- Fiú mura bhfuil tú ach ag spraoi ar an trá caithfidh tú aird a thabhairt ar an taoide i gcónaí, ionas go mbeidh tú ábalta an trá a fhágáil go sábháilte.

Moilisc

Tá moilisc cosúil le seilidí. Na sliogáin fholmha sin a fheiceann tú cois farraige, bhí moilisc iontu tráth (at one time). Tá idir 50,000 agus 200,000 sórt éagsúil moileasc ann. Ní bhíonn ach sliogán amháin ar roinnt acu, ach bíonn dhá shliogán ar chinn eile, an ruacan mar shampla. Dúnann an dá shliogán go dlúth (tightly) ar a chéile. Maidir leis an ochtapas, an scuid agus moilisc eile den chineál sin, ní bhíonn sliogán ar bith orthu. Is rudaí áille iad sliogáin agus ó thús ama, bhí siad in úsáid mar sheodra agus, fiú, mar airgead.

Freagraí ar an gcrosfhocal

TRASNA: 3: REOITE, 4: MARA, 5: RUACAIN, 6: LACHT,
ANUAS: 1: GOILE, 2: DUILEASC, 4: MOILISC, 5: RONNACH,

Cad é sin?



Tá ainm ar gach sórt sliogáin. Tá sliogáin sna pictiúir, sliogáin a bhíonn le feiceáil go minic ar thrá. Tá na lipéid A, B, C, D agus E orthu. Déan obair an eolaí – faigh amach cén t-ainm atá orthu. Úsáideann eolaithe eochracha speisialta chun plandaí agus ainmhithe, orgánaigh eile agus, fiú, carraigeacha agus mianraí (minerals) a aithint. Agus eochair á húsáid agat, caithfidh tú an t-orgánach anaithnid (unknown) a iniúchadh (examine) go cúramach. Ansin tugann tú an freagra 'Tá' (T) nó 'Níl' (N) ar shraith (series) ceisteanna. Nuair a fhreagróidh tú ceist amháin, tabharfaidh do fhreagra ar aghaidh tú go dtí an chéad cheist eile, agus ar aghaidh agus ar aghaidh arís, go sroichfidh tú ainm. Féach go cúramach ar na pictiúir agus ansin freagair na ceisteanna san eochair thíos. Scríobh an litir chuí in aice le pictiúr an tsliogáin.

An bhfuil dath dúghorm ar an sliogán?

T _____ N

⇩ **Diúilicín**

⇩ An bhfuil barr bíseach (spiral) ar an sliogán ?

T _____ N

⇩ **Cuachma** (whelk)

⇩ An bhfuil an sliogán fada?

T _____ N

⇩ **Scian mhara** (razor shell)

⇩ An bhfuil dhá 'chluas' nó 'eite' ar an sliogán?

T _____ N

Muirín (scallop) **Ruacan**

Crosóga - Réaltaí mara

Deir a lán daoine gur deas blasta an béile iad ruacain agus diúilicíní. Sin tuairim na gcrosóg (starfish) freisin – is breá leo ruacain agus diúilicíní! Ní éisc iad na hainmhithe áille seo, agus mar sin, tá eolaithe ag iarraidh a chur ina luí ar (persuade) Bhéarlóirí an focal 'fish' a fhágáil ar lár agus réaltaí mara a ghlaoch orthu. Bíonn dathanna agus patrúin éagsúla orthu agus níl inchinn (brain) ná fuil iontu. Bíonn cúig ghéag (limbs) orthu, go hiondúil, ach uaireanta bíonn suas le daichead géag orthu. Tá súil an-bheag ag bun gach géige! Má dhéanann creachadóir (predator) bagairt (threat) ar chrosóg, is féidir léi éalú ach géag amháin a chaitheamh uaithi! Agus fásfaidh géag nua ina háit, ach tógfaidh sé bliain, nó mar sin, uirthi fás. Bíonn plátaí crua ar dhromchla crosóg áirithe agus bíonn dealga (spines) bídeacha ar na plátaí. Cosnaíonn siad seo iad ó chreachadóirí, éin agus éisc san áireamh. Faoi ghéaga crosóige tá na céadta feadán (tube) – úsáideann siad iad seo mar chosa chun gluaiseacht. Tá béal beag ar íochtar chorp na crosóige ach, mar sin féin, is féidir leo ainmhithe cuíosach mór a ithe. Tá dhá ghoile acu chun an bia seo go léir a dhíleá (digest). Nuair a aimsíonn crosóg moileasc, ruacan mar shampla, snaidhmeann sí a géaga thart ar shliogán an ainmhí. Coimeádann sí greim dhocht ar an sliogán lena feadáin agus ansin tarraingíonn sí . . . agus tarraingíonn sí . . . . . agus tarraingíonn sí go dtí go n-éiríonn an sliogiasc bocht tuirseach agus go n-osclaíonn sé a shliogán beagáinín. Ansin, brúnn an chrosóg ceann amháin dá 2 ghoile amach trína béal, sleamhnaíonn sí an goile isteach tríd an mbearna sa sliogán agus díleánn sí an sliogiasc bocht! Sleamhnaíonn sí a goile féin ar ais isteach ina corp ansin.



Ainmnigh an t-iasc sin



Bíonn cruthanna éagsúla, dathanna éagsúla agus méideanna éagsúla ar éisc. Is iad na siorcanna na héisc is mó agus bíonn siad le feiceáil go minic thart ar chósta na hÉireann. Sa léaráid, feicfidh tú éisc a ithimid. Meaitseáil na habairtí leis na léaráidí - cuir an litir cheart in aice leis an abairt.

Leathóg (plaice): Tá mé leata agus tá spotaí oráiste orm.

Ronnach (mackerel): Níl mé leata agus tá stríocaí ar mo chorp.

Trosc (cod): Níl mé leata agus tá trí eite (fin) ar mo dhroim.

Roc (ray): Tá mé leata agus tá cruth muileata orm.

Uachtar Reoite

Is deas an só (treat) é uachtar reoite, go háirithe ar lá te samhraidh. Ní fios go díreach cé a d'airg (invented) uachtar reoite. B'fhéidir gurbh iad muintir na Síne a d'airg é, chomh luath le 3,000 R.C. Is dócha gur tháinig nós an uachtair reoite ón tSín chun na Eorpa sna Meánaoiseanna. In imeacht aimsire, bhí tóir ar uachtar reoite i gcúirteanna ríoga na Fraince agus na hlodáile. Ansin leath (spread) an nós go Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhí an-tóir ar uachtar reoite ansin freisin, ach ba iad na daoine ríoga agus na daoine saibhre a bhí ag ithe uachtar reoite ag an am. Nuair a bhí cuisneoirí agus reoiteoirí ar fáil go forleathan, bhí sé níos éasca uachtar reoite a dhéanamh. Anois, is féidir linn uile taitneamh a bhaint as!

Gníomhaíocht

Dear agus déan do chuid uachtair reoite féin

Bunábhair:

- 75 ml uachtar
- Spúnóg bhoird (15 ml) meala
- Babhla chun na bunábhair a mheascadh ann
- Greadtóir (whisk) nó buailteoir uibhe
- Cupán nó pota le claibín
- Pláta agus spúnóg - chun é a bhlaiseadh
- Reoiteoir (freezer)

Treoracha:

1. Doirt an t-uachtar isteach sa bhabhla agus buail é go mbeidh sé ramhar (stiff).
2. Measc an mhil leis an uachtar.
3. Cuir an meascán sa chupán nó sa phota.
4. Fág sa reoiteoir é ar feadh trí nó ceithre uair an chloig nó thar oíche.
5. Blais de. Bain taitneamh as!

Pléigh:

Déan liosta de na hathruithe uile a tháinig ar an uachtar. An bhfuil na hathruithe seo **buan** (permanent)? An féidir an t-uachtar a athrú ar ais arís? An bhféadfá an t-uachtar reoite a fheabhsú le blasanna (flavours)

Arbh eol duit?

Is **algaí** feamainn. Úsáidimid algaí ar bhealaí éagsúla – bealaí nach mbeifeá ag súil leo! In uachtar reoite a dhéantar i monarchana, tá algaí leis chun go mbeidh sé mín (smooth). Tá saghsanna áirithe algaí i dtaos fiacla, snásán (polish), cáis, iógart, creathán bainne agus a lán rudaí eile a úsáidimid go laethúil.